



An Rialáil
Carthanas

Charities
Regulator

Aguisín A - Miontuairiscí boird mínitheacha samplacha

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Miontuairiscí boird mínitheacha samplacha

Cuir isteach ainm do charthanais anseo

**Miontuairiscí an chruinnithe boird
(nó an chruinnithe fochoiste shonraithe) a tionóladh ar an
(cuir isteach dáta, am agus áit an chruinnithe anseo)**

Na daoine a bhí i láthair

(Taifead ainm na n-iontaobhaithe carthanais a d'fhreastail ar an gcrúinniú, lena n-áirítear ainm an iontaobhaí carthanais a rinne cathaoirleacht ar an gcrúinniú.)

Córam

(Taifead cé acu a bhí nó nach raibh córam i láthair – is é sin an líon íosta iontaobhaithe carthanais nach mór dóibh bheith i láthair ag an gcrúinniú chun go mbeidh na himeachtaí bailí. Tá seans ann go mbeidh an córam do do charthanais leagtha amach i ndoiciméad rialaithe nó Téarmaí Tagartha do charthanais.)

Na daoine eile a bhí i láthair

(Taifead ainm na ndaoine eile a bhí i láthair ag an gcrúinniú agus an cháil inar fhreastail siad air, e.g. fostaí, oibrí deonach, comhairleoir dlí, etc. Is iad na daoine eile a bhí i láthair ná aon daoine aonair nach iontaobhaithe carthanais iad a d'fhreastail ar an gcrúinniú. Cé go bhféadfaidh daoine den sórt sin rannchuidiú le míreanna ag an gcrúinniú, níl cead acu páirt a ghlacadh in aon chinntí a dhéantar ag an gcrúinniú. Deimhnigh cé acu a bhí siad i láthair ar feadh an chruinnithe ar fad nó ar feadh na díospóireachta ar mhíreanna áirithe amháin.)

Leithscéalta

(Taifead ainm na n-iontaobhaithe carthanais a dheimhnigh nach bhféadfadh siad freastal ar an gcrúinniú. Ná taifead ach ainm na ndaoine óna bhfuarthas leithscéal. Ná taifead ainm na ndaoine a bhí as láthair.)

Miontuairiscí an chruinnithe roimhe

(I gcás gur ceadaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe nó gur ceadaíodh ceartúcháin orthu ag an gcrúinniú seo, taifead an méid sin. Ba cheart ceartúcháin a dhéanamh ar fhíricí, agus orthu sin amháin.)

Nithe a tháinig chun cinn

(Taifead an t-eolas is deireanaí, más ann dó, ar mhíreanna a bhí ar chlár oibre an chruinnithe roimhe.)

Dearbhuithe maidir le coinbhleachtaí leasa nó dílseachta

(I gcás gur dhearbhaigh aon iontaobhaí carthanais/iontaobhaithe carthanais coinbhleacht leasa maidir le haon ní ar chlár oibre an chruinnithe, taifead an méid sin. Tá seans ann go mbeidh iontaobhaí carthanais (lena n-áirítear tú féin mar rúnaí) faoi choinbhleacht nó go ndearbhóidh sé/sí go bhfuil iontaobhaí carthanais eile faoi choinbhleacht. Taifead an rud a bhí i gceist leis an gcoinbhleacht agus an dóigh ar bainistíodh í ag an gcruinniú, e.g. cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur fhág an t-iontaobhaí carthanais faoi choinbhleacht an seomra nuair a bhí an ní á phlé agus gur staon sé/sí ó pháirt a ghlacadh sa chinneadh lena mbaineann. Ba cheart an choinbhleacht a bhainistiú ar aon dul le Beartas Coinbhleachta Leasa do charthanais.)

Tuairisc airgeadais

(Taifead miontuairisc ar leith ar gach mír a pléadh, e.g. ioncam, caiteachas, ráitis airgeadais, nithe a bhaineann le nósanna imeachta airgeadais, deontais, cistiú, míreanna ar an gclár comhardaithe, cúlchistí, etc. Cuir aon chinntí a rinneadh agus aon ghníomhartha a comhaontaíodh ar áireamh sa taifead.)

Tuairisc ar ghníomhaíochtaí

(Taifead miontuairisc ar leith ar gach mír a pléadh, e.g. imeachtaí aonair, etc. Cuir aon chinntí a rinneadh agus aon ghníomhartha a comhaontaíodh ar áireamh sa taifead.)

- Is é atá sna ceannteidil thuas ná buanmhíreanna ba cheart a bheith ar gach clár oibre. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith le feiceáil sna miontuairiscí ar gach cruinniú. Féadfaidh do charthanas a chinneadh buanmhíreanna breise a bheith aige, e.g. Comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais.
- Maidir le míreanna eile a pléadh ag an gcruinniú ar aon dul leis an gclár oibre, ba cheart iad a chur ar áireamh anseo, faoi cheannteidil ar leith agus san ord céanna agus a bhí siad ar an gclár oibre. Ba cheart na pointí a pléadh, aon chinntí a rinneadh agus aon ghníomhartha a comhaontaíodh i leith gach míre a chur ar áireamh sna miontuairiscí.

Aon ghnó eile

(Taifead nithe a tarraingíodh anuas faoin mír seo ag an gcruinniú nó nithe eile nach raibh ar an gclár oibre. Tabhair faoi deara - ba cheart aon ghnó eile a úsáid chun críocha faisnéise, seachas chun nithe a dteastaíonn ceadú ón mBord ina leith a phlé.)

Dáta, am agus áit an chéad chruinnithe eile

(Taifead dáta, am agus áit an chéad chruinnithe eile do na hiontaobhaithe carthanais.)

Gníomhartha a d'eascair as an gcruinniú seo

(Ag deireadh na miontuairiscí, taifead gach ceann de na gníomhartha a d'eascair as an gcruinniú, lena n-áirítear na daoine atá freagrach as na gníomhartha agus na tréimhsí ama ina bhfuil na gníomhartha le cur i gcrích.)

Síniú an chathaoirligh agus an rúnaí

(A luaithe a cheadóidh an bord iad ag an gcéad chruinniú eile, ba cheart don chathaoirleach agus don rúnaí na miontuairiscí a shíniú agus a dhátú.)

Ba cheart na miontuairiscí, an clár oibre agus aon pháipéir a cuireadh i láthair ag an gcruinniú a stóráil go cuí lena léamh amach anseo.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad 'Treoirnóta maidir le Breacadh Miontuairiscí' agus leis an doiciméad 'Teimpléad Miontuairiscí' atá le fáil in Aguisín B.